

Comh-Phlean Straitéiseach Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus na Seirbhíse Promhaidh 2015-2017



Comh-Phlean Straitéiseach Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus na Seirbhíse Promhaidh

Ár gCuspóir Straitéiseach

Glacann Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an tSeirbhís Phromhaidh cur chuige ilghníomhaireachta maidir le bainistiú agus athshlánú ciontóirí sa tréimhse roimh phríosúnú agus tar éis príosúnú d'fhonn athchiontú a laghdú agus torthaí do phríosúnaigh a fheabhsú.

Ár dTimpeallacht Oibriúcháin

Bainistíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an tSeirbhís Phromhaidh orduithe na gCúirteanna Coiriúla a thugtar síos i dtaca le ciontóirí ciontaithe.

Is é obair na Seirbhíse Promhaidh na ciontóirí sin a bhainistiú sa phobal agus is é obair Sheirbhís Phríosúin na hÉireann na daoine sin a chuirtear i bpríosún a bhainistiú ar an gcéad dul síos.

Is é sprioc phríomha an dá eagraíocht sábháilteacht an phobail a chothabháil ach iompar ciontaithe na ndaoine sin faoina gcúram a laghdú. Tá ag méadú ar líon na gciontóirí a gcuirtear tréimhsí faoi choimeád orthu roimh dóibh tréimhsí a chaitheamh ina bhfuil siad faoi mhairseacht sa phobal tar éis a scaoilte.

I gcás fhormhór na ndaoine a chuirtear i bpríosún agus fhormhór na ndaoine a gcuirtear smachtbhannaí sa phobal orthu, tá riachtanais agus rioscaí ann atá cosúil ón taobh coir-ghineach de. Ina measc tá easpa fostaíochta, mí-úsáid alcóil agus drugaí, dearcthaí frithshóisialta agus cairde frithshóisialta, deacrachtaí mothúchána agus pearsanta, lag-ghnóthachtáil oideachasúil, fadhbanna teaghlaigh agus easpa tithíochta nó cóiríochta. Is minic is riachtanais idirghaolmhara agus riachtanais atreisithe fhrithpháirteacha iad na hilriachtanais sin.

Chun dea-idirghabhálacha atá dírithe ar chiontóirí a bhaint amach, tá sé riachtanach go spreagann gníomhaireachtaí ceartais choiriúil agus gníomhaireachtaí nach mbaineann le ceartas choiriúil forbairt cur chuige ilghníomhaireachta um réiteach fadhbanna ach díriú ar chiontóirí agus ní ar chionta. Is é is dóichí go mbeidh cineálacha cuir chuige a théann i ngleic leis an raon casta riachtanas níos éifeachtaí ná díriú ar cheisteanna aonair ina n-aonar.

Ina gcomhiarrachtaí aghaidh a thabhairt ar phatrúin d'iompar ciontaithe marthanach, rud a leagann ualach ollmhór ar acmhainní náisiúnta, de bharr róphlódú príosún go háirithe, caithfidh Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an tSeirbhís Phromhaidh comhpháirtithe a thabhairt le chéile chun comhfhreagairtí don obair sin a fhorbairt agus a sholáthar.

Is gá go bhfuil naisc láidre ag acmhainní pobail le príosúin le gur féidir tosú ar an obair go luath, agus spreagadh á fhorbairt agus pleanáil á déanamh le haghaidh scaoileadh.

Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an tSeirbhís Phromhaidh

Ár nGníomhartha Straitéiseacha

	Gníomhartha	Torthaí Straitéiseacha
1	A chinntiú gur féidir cabhrú le gach príosúnach faoi phianbhreith maidir le hathshlánú agus le hathimeascadh pobail ar fud a bpianbhreithe.	<ul style="list-style-type: none"> • Laghdú ar chiontú, méadú ar shábháilteacht an phobail. • Feabhas ar athlonnú agus ar staonadh ón gcoireacht. • Feabhsú ar bhainistíocht pianbhreithe agus ar chúram le linn coimeáda.
2	Forbairt a dhéanamh ar a rathúla atá an Clár um Fhilleadh ar an bPobal a chuimsíonn luathscaoileadh tuillte.	<ul style="list-style-type: none"> • Feabhas ar athimeascadh príosúnach. • Bainistiú ar líon na ndaoine i bpríosún. • Feabhsú ar scaoilte aisiríocha agus cúitimh.
3	Tacaíocht a thabhairt do phríosúnaigh ar gearradh pianbhreith ghearr orthu.	<ul style="list-style-type: none"> • Fáil mhéadaithe ar scaoileadh struchtúrtha ó phríosún. • Laghdú ar róphlódú príosún. • Laghdú ar athchiontú ag príosúnaigh ar gearradh pianbhreith ghearr orthu.
4	Dul i dteagmháil le húsáideoirí seirbhísí chun laghdú a dhéanamh ar an riosca go n-athchiontóidh siad, agus pobail níos sábháilte á gcruithú trí sholáthar seirbhísí níos fearr.	<ul style="list-style-type: none"> • Deis struchtúrtha a chur ar fáil chun glór an úsáideora seirbhíse a chur i láthair na gcomhsheirbhísí. • Caipiteal sóisialta úsáideoirí seirbhíse a fheabhsú trí dheiseanna ceannaireachta, rannpháirtíochta agus comhtháthaithe shóisialta.
5	Feabhas a chur ar phleanáil réamhscaoilte do phríosúnaigh.	<ul style="list-style-type: none"> • Socruithe comhoibríocha a chruthú le soláthraithe reachtúla agus deonacha chun freagairt do na riachtanais athimeasctha atá ag príosúnaigh scaoilte.
6	Cuimsiú sóisialta a chur chun cinn	<ul style="list-style-type: none"> • Freagairtí níos fearr do na riachtanais atá ag banchiontóirí. • Freagairt do na riachtanais ar leith atá ag taistealaithe sa phríosún.
7	Cur chun cinn a dhéanamh ar chomhfhreagairtí comhtháite do choireacht.	<ul style="list-style-type: none"> • Tuilleadh béime ar chomhoibriú idirghníomhaireachta i mbainistiú agus athshlánú príosúnach.
8	Freagairt d'íospartaigh – seasamh le cearta íospartach agus leis an tacaíocht agus an chosaint a thabhairt dóibh.	<ul style="list-style-type: none"> • Rannpháirtíocht fhiúntach íospartach sa chóras ceartais choiriúil a éascú.

Gníomh Straitéiseach 1:

Cinnteoimid gur féidir cabhrú le gach príosúnach faoi phianbhreith maidir le hathshlánú agus le hathimeascadh pobail ar fud a bpianbhreithe.

Gníomhartha	Freagracht
a) Bunóidh Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an tSeirbhís Phromhaidh comh-athbhreithniú ar sheirbhísí andúile cistithe do na príosúin agus don phobal.	<ul style="list-style-type: none"> • An Stiúrthóireacht um Chúram agus Athshlánú, Seirbhís Phríosúin na hÉireann. • An Stiúrthóir Oibríochtaí, an tSeirbhís Phromhaidh.
b) Athbhreithniú a dhéanamh ar shocrúithe cistithe reatha d'Eagraíochtaí Pobalbhunaithe chun maoirseacht, rialachas, bainistíocht airgeadais agus aschur atá cuí a chinntiú.	<ul style="list-style-type: none"> • An Stiúrthóir um Sheirbhísí Corparáideach, an tSeirbhís Phromhaidh. • An Stiúrthóir Airgeadais, Seirbhís Phríosúin na hÉireann.
c) Sainaitheoimid sceideal de chlár chiontóirí a sholáthrófar i bpríosún d'fhonn athchiontú a laghdú.	<ul style="list-style-type: none"> • An Stiúrthóireacht um Chúram agus Athshlánú, Seirbhís Phríosúin na hÉireann. • An Stiúrthóir Cúnta, an tSeirbhís Phromhaidh.
d) Cinnteoimid go gcuirfear an Beartas Córais Dhreasaithe i bhfeidhm ar bhealach trédhearcach oscailte, rud a chinnteoidh go gcuirfear gach príosúnach ar an eolas faoi na clár éagsúla atá oscailte dóibh.	<ul style="list-style-type: none"> • An Stiúrthóireacht Oibríochtaí agus an Stiúrthóireacht um Chúram agus Athshlánú, Seirbhís Phríosúin na hÉireann.
e) Scrúdóimid an fhéidearthacht a bhaineann le Pobal Teiripeach Drugaí pobalbhunaithe chun torthaí níos fearr a éascú do phríosúnaigh tar éis a scaoilte.	<ul style="list-style-type: none"> • An Stiúrthóireacht um Chúram agus Athshlánú, Seirbhís Phríosúin na hÉireann. • An tSeirbhís Phromhaidh.
f) Obair chomhoibríoch ar bhainistíocht pianbhreithe ciontóirí gnéis a fheabhsú idir Seirbhís Síceolaíochta Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, an tSeirbhís Phromhaidh agus Oifigigh Bhainistíochta Pianbhreithe Comhtháite.	<ul style="list-style-type: none"> • An Stiúrthóireacht um Chúram agus Athshlánú, Seirbhís Phríosúin na hÉireann. • An Bainisteoir Réigiúnach, Príosúin, an tSeirbhís Phromhaidh.

Gníomh Straitéiseach 2: Filleadh ar an bPobal.

Forbairt a dhéanamh ar a rathúla atá an Clár um Filleadh ar an bPobal a chuimsíonn luathscaoileadh tuillte.

Gníomhartha	Freagracht
<p>a) Tar éis an Mheasúnacht ar Filleadh ar an bPobal a fhoilsiú, cuirfidimid moltaí na tuarascála chun feidhme sna réimsí seo:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Measúnú • Teagmháil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí • Seirbhísí inrochtana 	<ul style="list-style-type: none"> • Seirbhís Phríosúin na hÉireann/An tSeirbhís Phromhaidh • An tAonad um Filleadh ar an bPobal.
<p>b) Chun cur chuige comhtháite maidir le Filleadh ar an bPobal a bhaint amach, forbróimid tionscnaimh athshlánaithe, lena n-áirítear oiliúint oibre, oideachas agus téarnamh andúile.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Seirbhís Phríosúin na hÉireann/An tSeirbhís Phromhaidh • An tAonad um Filleadh ar an bPobal.
<p>c) Forbróimid tionscnamh creidiúnaithe gairneoireachta i Halla Bhaile na Sceach i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Seirbhís Phríosúin na hÉireann/An tSeirbhís Phromhaidh • An tAonad um Filleadh ar an bPobal.
<p>d) Agus athbhreithniú á dhéanamh againn ar na próisis mheasúnaithe don Chlár um Filleadh ar an bPobal, cinnteoidimid go bhfuil socruithe láidre i bhfeidhm dó.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Seirbhís Phríosúin na hÉireann/An tAonad um Filleadh ar an bPobal sa tSeirbhís Phromhaidh.
<p>e) An sprioc 450 rannpháirtí in aghaidh na bliana a bheith ar scaoilte struchtúrtha cúitimh agus aisiríoch a bhaint amach nó a shárú.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Seirbhís Phríosúin na hÉireann/An tAonad um Filleadh ar an bPobal sa tSeirbhís Phromhaidh.

Gníomh Straitéiseach 3:

Tacaíocht a thabhairt do phríosúnaigh ar gearradh pianbhreith ghearr orthu.

Gníomhartha	Freagracht
<p>a) Bunú na Scéimeanna Tacaíochta Pobail a leathnú chun go n-áireofar Campas an Láir Tíre agus Príosún an Chaisleáin Riabhaigh iontu.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Grúpa Maoirseachta na Comhsheirbhíse.
<p>b) Sprioc 400 scaoileadh struchtúrtha ar an Scéim Tacaíochta Pobail in 2015.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Seirbhís Phríosúin na hÉireann/An tSeirbhís Phromhaidh.
<p>c) Meastóireacht fhoirmiúil a bhunú ar an Scéim Tacaíochta Pobail.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Grúpa Maoirseachta na Comhsheirbhíse.
<p>d) Measúnú agus nósanna imeachta scaoilte atá comhsheasmhach a áirithiú, agus iad bunaithe ar a bhfuil foghlamtha faoin scéim go dtí seo.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Seirbhís Phríosúin na hÉireann/An tAonad um Filleadh ar an bPobal sa tSeirbhís Phromhaidh.

Gníomh Straitéiseach 4:

Dul i dteagmháil le húsáideoirí seirbhísí chun laghdú a dhéanamh ar an riosca go n-athchiontóidh siad, agus pobail níos sábháilte á gcruthú trí sholáthar seirbhísí níos fearr.

Gníomhartha	Freagracht
a) Déanfaimid tástáil ar thionscnaimh arb é is aidhm dóibh iarchiontóirí a fhostú mar phiarmheantóirí do chiontóirí atá ar scaoileadh sealadach faoi mhaoirseacht.	<ul style="list-style-type: none">Seirbhís Phríosúin na hÉireann/An tSeirbhís Phromhaidh.
b) Agus sinn ag cur leis an obair atá déanta ag Cumann na Croise Deirge ar fud na bpríosún uile, féachfaimid le clár pobalbhunaithe um iarscaoileadh a fhorbairt.	<ul style="list-style-type: none">Seirbhís Phríosúin na hÉireann/An tSeirbhís Phromhaidh.
c) Féachfaimid le haiseolas a fháil ó úsáideoirí seirbhísí trí shuirbhéanna agus trí fhócasghrúpaí sa tSeirbhís Phromhaidh, rud a dhéanfaidh ár gcleachtas a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh.	<ul style="list-style-type: none">An tSeirbhís Phromhaidh.
d) Iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí cistithe atá ann iarchiontóirí a fhostú sa Tionscadal um Fhilleadh ar an bPobal.	<ul style="list-style-type: none">Seirbhís Phríosúin na hÉireann/An tAonad um Fhilleadh ar an bPobal sa tSeirbhís Phromhaidh.

Gníomh Straitéiseach 5:

Feabhas a chur ar phleanáil réamhscaoilte do phríosúnaigh

Gníomhartha	Freagracht
a) Táimid tiomanta do shocruithe comhoibríocha níos fearr a chruthú le soláthraithe reachtúla agus deonacha chun freagairt do na riachtanais athimeasctha atá ag príosúnaigh scaoilte.	<ul style="list-style-type: none">An Stiúrthóireacht um Chúram agus Athshlánú.An tSeirbhís Phromhaidh.
b) Forbróimid Beartas um Scaoileadh Príosúnach ar mhaithe le trasdul éifeachtach ciontóirí sa phobal a áirithiú.	<ul style="list-style-type: none">An Stiúrthóireacht um Chúram agus Athshlánú.An tSeirbhís Phromhaidh.
c) Féachfaimid le comhaontuithe comhoibríocha atá bunaithe ar phrótacail a fhorbairt le soláthraithe sna réimsí seo a leanas: cóiríocht, oideachas, tacaíocht airgeadais, cúram sláinte agus oiliúint/fostaíocht.	<ul style="list-style-type: none">An Stiúrthóireacht um Chúram agus Athshlánú.An tSeirbhís Phromhaidh
d) Ar aon dul leis na Treoirí um Thús Áite do Leanaí, geallaimid go dtabharfaimid fógra, trí ionad lárnach teagmhála, do Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach) i ngach cás ina bhfuiltear ar tí ciontóir gnéis a scaoileadh sa phobal.	<ul style="list-style-type: none">Seirbhís Phríosúin na hÉireann.

**Gníomh Straitéiseach 6:
Cuimsiú sóisialta a chur chun cinn**

Gníomhartha	Freagracht
<p>a) Agus sinn ag cur le Straitéis Ban Sheirbhís Phríosúin na hÉireann/na Seirbhíse Promhaidh, freagróimid do na riachtanais atá ag banchiontóirí agus saothróimid cur chuige tiomnaithe i leith obair a dhéanamh le banchiontóirí sa phobal.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Seirbhís Phríosúin na hÉireann/An tSeirbhís Phromhaidh.
<p>b) Cuirfimid ‘Tionscnamh um Thaistealaithe sa Phríosún’ ar bun i gcomhpháirt le hlontaobhas Fhaiche Stiabhna ar mhaithe leis na riachtanais ar leith atá ag Taistealaithe sa phríosún.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Seirbhís Phríosúin na hÉireann/An tSeirbhís Phromhaidh.
<p>c) Idirghabhálacha sonracha a shainaithint le príosúnaigh atá idir 18 agus 21 bliain d’aois, agus béim á cur ar athimeascadh a thugann aird ar riachtanais forbartha an duine aonair.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Seirbhís Phríosúin na hÉireann/An tSeirbhís Phromhaidh.

Gníomh Straitéiseach 7:

Cur chun cinn a dhéanamh ar chomhfhreagairtí comhtháite do choireacht

Gníomhartha	Freagracht
<p>a) Agus sinn ag obair le ciontóirí gnéis sainaitheanta lena mbaineann meánriosca agus ardriosca, daoine a rachaidh isteach sna socrúithe um Measúnú Riosca agus Bainistíocht Ciontóirí Gnéis (SORAM) ar a scaoileadh, cuirfear cruinnithe tosaigh SORAM ar siúl sa phríosún.</p>	<ul style="list-style-type: none"> Eagraíochtaí is rannpháirtithe i SORAM.
<p>b) Déanfaimid tástáil ar Fhreagairt Comhghníomhaireachta do Choireacht lena soláthrófar do leibhéil fheabhsaithe chomhoibrithe agus chomhordaithe idir an Garda Síochána, an tSeirbhís Phromhaidh agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann.</p> <p>(i) Tionscnamh ‘Strive’ Bhaile Munna, rud a dhíreoidh orthu siúd a bhfuil ardleibhéal díobhála nó cur isteach á gcruthú acu sa limistéar áitiúil. Déanfaimid iarracht spreagadh a thabhairt dóibh staonadh ón gcoireacht agus ligean do ghníomhaireachtaí áitiúla freastal ar a gcuid riachtanas, sin nó beidh orthu cur suas le leibhéal cuí idirghabhála chun cur isteach ar a stíl mhaireachtála choiriúil.</p> <p>(ii) An Tionscadal Roghnach Droichid – An Clár Change Works, a dhíreoidh ar chiontóirí foréigneacha i limistéar Bhaile Átha Cliath ar measúnaíodh gur dóigh dóibh díobháil thromchúiseach a dhéanamh, ag teacht ar chomhréim le Cás-Bhainistíocht an Gharda Síochána, le Cás-Bhainistíocht Promhaidh, le Bainistíocht Pianbhreithe Chomhtháite agus leis an Scéim um Fhilleadh ar an bPobal (Seirbhís Phríosúin na hÉireann).</p> <p>(iii) Clár Roghnach Acer, a dhíreoidh ar bhainistiú a dhéanamh ar chiontóirí sainaitheanta ar ciontaíodh nó ar cúisíodh iad i gcionta buirgléireachta idir limistéar Bhaile Átha Cliath 8 agus limistéar Bhaile Átha Cliath 24.</p>	<ul style="list-style-type: none"> Seirbhís Phríosúin na hÉireann. An Garda Síochána. An tSeirbhís Phromhaidh.
<p>c) Beidh gach ceann de na tionscnaimh thuas faoi réir meastóireachta ina ndéanfar tomhas ar a éifeachtaí atá siad</p>	<ul style="list-style-type: none"> Seirbhís Phríosúin na hÉireann. An tSeirbhís Phromhaidh. An Garda Síochána.
<p>d) Leanúint le comhthionscnaimh oiliúna a iniúchadh ar fud na ngníomhaireachtaí ar fad</p>	<ul style="list-style-type: none"> Seirbhís Phríosúin na hÉireann. An tSeirbhís Phromhaidh.
<p>e) Tionscadail agus tionscnaimh taighde agus mheastóireachta a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh sa tSeirbhís Phromhaidh, i Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus ar fud réimsí comhroinnte leasa na Seirbhísí.</p>	<ul style="list-style-type: none"> Seirbhís Phríosúin na hÉireann. An tSeirbhís Phromhaidh.

Gníomh Straitéiseach 8:

Freagairt d'Íospartaigh – seasamh le cearta íospartach agus leis an tacaíocht agus an chosaint a thabhairt dóibh

Gníomhartha	Freagracht
a) Oibreimid i gcomhar, agus ar aon dul, leis an reachtaíocht chun éifeacht a thabhairt don Treoir Eorpach (2012/29/AE) maidir le freagairt chuí, éifeachtach agus thráthúil a thabhairt do gach iarraidh ó íospartaigh agus do gach ábhar inní atá orthu.	<ul style="list-style-type: none">• An Comhordaitheoir um Sheirbhísí d'Íospartaigh, an tSeirbhís Phromhaidh.• An tOifigeach um Idirchaidrimh le hÍospartaigh, Seirbhís Phríosúin na hÉireann.
b) Déanfaimid iniúchadh ar chomhbhileog faisnéise a fhorbairt maidir leis na seirbhísí atá ar fáil d'íospartaigh.	<ul style="list-style-type: none">• An Comhordaitheoir um Sheirbhísí d'Íospartaigh, an tSeirbhís Phromhaidh.• An tOifigeach um Idirchaidrimh le hÍospartaigh, Seirbhís Phríosúin na hÉireann.
c) Leanfaimid le cur leis na seirbhísí faoi seach a sholáthraímid d'obair Oifig Íospartaigh na Coireachta, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus le hionadaíocht a dhéanamh do na seirbhísí sin.	<ul style="list-style-type: none">• An Comhordaitheoir um Sheirbhísí d'Íospartaigh, an tSeirbhís Phromhaidh.• An tOifigeach um Idirchaidrimh le hÍospartaigh, Seirbhís Phríosúin na hÉireann.

www.probation.ie

**An tSeirbhís Phromhaidh,
Margadh an Fhéir,
Margadh na Feirme,
Baile Átha Cliath 7.**

Teil.: + 353 (0)1 817 3600

Facs: + 353 (0)1 872 2737

www.irishprisons.ie

**Seirbhís Phríosúin na hÉireann
Lárionad Gnó an IDA, Bóthar Bhéal
Átha na Lao, An Longfort,
Co. an Longfoirt**

Teil.: +353 43 33 35100

Facs: +353 43 33 35371